**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2023/0447(COD)**

14.01.2025

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht
(COM(2023)0769 – C9-0443/2023 – 2023/0447(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Manuela Ripa

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur i gcuntas:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Trádáiltear agus coinneáiltear na milliúin ainmhithe mar pheataí san Aontas. Ní madraí agus cait amháin iad na hainmhithe sin. Is ó na mílte speiceas éagsúil iad, a bhfuil a riachtanais bhitheolaíocha agus iompraíochta uathúla féin ag gach ceann acu;*** |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) D'éagmais fhorálacha leasa an Aontais maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh speiceas peataí seachas madraí agus cait, chomh maith le rialacha náisiúnta éagsúla, is minic a bhíonn iarmhairtí tromaí leasa ainmhithe ann do na speicis sin nach bhfuil oiriúnach dá gcoimeád mar pheataí, chomh maith le rioscaí don bhithéagsúlacht, do shláinte agus do shábháilteacht an duine agus do chaomhnú an dúlra;*** |

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) Iarradh roimhe seo go mbunófaí liosta uile-Aontais eolaíochtbhunaithe d'ainmhithe a measadh a bheith oiriúnach dá gcoimeád mar pheataí, faoi dhálaí iomchuí leasa, gan dochar a dhéanamh do líon san fhiántas, agus mar sin do bhithéagsúlacht na hEorpa, nó do shláinte agus sábháilteacht an duine;*** |

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Tá méadú tar éis teacht ar an trádáil neamhdhleathach i gcait agus i madraí ó lasmuigh den Aontas. Níl uirlisí leordhóthanacha i rialacha reatha an Aontais maidir le gluaiseachtaí madraí agus cat isteach san Aontas, amhail forálacha Rialachán 576/2013 agus an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, chun an trádáil neamhdhleathach sin a chosc. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le rialacha breise chun trádáil neamhdhleathach i madraí agus i gcait a chomhrac. Ceanglaítear le rialacha sláinte ainmhithe, maidir le gluaiseacht tráchtála agus neamhthráchtála madraí agus cat a thagann isteach san Aontas, nach mór na hainmhithe a shainaithint le micrishlis. Chun na forálacha inrianaitheachta sin a threisiú, ba cheart d'úinéirí madraí agus cat a thagann isteach san Aontas a áirithiú go ndéanfar iad a chlárú i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát ag an | (7) Tá méadú tar éis teacht ar an trádáil neamhdhleathach i gcait agus i madraí ó lasmuigh den Aontas. Níl uirlisí leordhóthanacha i rialacha reatha an Aontais maidir le gluaiseachtaí madraí agus cat isteach san Aontas, amhail forálacha Rialachán 576/2013 agus an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, chun an trádáil neamhdhleathach sin a chosc. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le rialacha breise chun trádáil neamhdhleathach i madraí agus i gcait a chomhrac. Ceanglaítear le rialacha sláinte ainmhithe, maidir le gluaiseacht tráchtála agus neamhthráchtála madraí agus cat a thagann isteach san Aontas, nach mór na hainmhithe a shainaithint le micrishlis. Chun na forálacha inrianaitheachta sin a threisiú, ba cheart d'úinéirí madraí agus cat a thagann isteach san Aontas a áirithiú go ndéanfar iad a chlárú i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát. Forálfar |

| | |
|---|---|
| gceann scríbe. Forálfar leis sin do rialú níos mó ar ghluaiseachtaí na n ainmhithe sin. | leis sin do rialú níos mó ar ghluaiseachtaí na n ainmhithe sin. |

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Bíonn tionchar ag soláthar madraí agus cat, cibé acu ar mhaithe le brabús nó gan aon chostas, ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, chun calaois a chosc, ba cheart inrianaitheacht na n ainmhithe go léir a thrádáiltear ar mhargadh an Aontais a áirithiú agus ba cheart coimeád ainmhithe in ionaid phórúcháin, i siopaí peataí nó in ionaid dídine ainmhithe a bheith faoi réir rialacha mionsonraithe. | (11) Bíonn tionchar ag soláthar madraí agus cat, cibé acu ar mhaithe le brabús nó gan aon chostas, ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, chun calaois a chosc, ba cheart inrianaitheacht na n ainmhithe go léir a thrádáiltear ar mhargadh an Aontais a áirithiú agus ba cheart coimeád ainmhithe in ionaid phórúcháin, in ***ionaid díola*** nó in ionaid dídine ainmhithe a bheith faoi réir rialacha mionsonraithe. |

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Beidh líon mór madraí agus cat clúdaithe ag rialacha mionsonraithe leasa den chéad uair, rud a ligfidh dóibh leas a bhaint as coinníollacha maireachtála níos fearr. Mar sin féin, agus na deacrachtaí praiticiúla á gcur san áireamh i gcásanna áirithe lena chinneadh cé acu an gcoimeádtar madraí agus cait mar pheataí nó lena gcur ar an margadh nó lena soláthar, sa Rialachán seo ba cheart úinéirí peataí a choimeádann roinnt madraí agus | (14) Beidh líon mór madraí agus cat clúdaithe ag rialacha mionsonraithe leasa den chéad uair, rud a ligfidh dóibh leas a bhaint as coinníollacha maireachtála níos fearr. Mar sin féin, agus na ***rioscaí sláinte a bhaineann le plódú, drochshláinteachas, agus cúram tréidliachta neamhleor agus na*** deacrachtaí praiticiúla á gcur san áireamh i gcásanna áirithe lena chinneadh cé acu an gcoimeádtar madraí agus cait mar pheataí |

| | |
|---|---|
| cat agus a tháirgeann roinnt álta faoi bhun tairseach áirithe a dhíolmhú ó oibleagáidí áirithe. Seachas sin, bheadh na húinéirí peataí sin faoi réir cheanglais ábhartha an Rialacháin seo, rud nach mbeadh comhréireach. | nó lena gcur ar an margadh nó lena soláthar, sa Rialachán seo ba cheart úinéirí peataí a choimeádann roinnt madraí agus cat agus a tháirgeann roinnt álta faoi bhun tairseach áirithe a dhíolmhú ó oibleagáidí áirithe. |

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) A luaithe a shroichtear an tairseach le haghaidh gníomhaíochtaí pórúcháin dá dtagraítear san aithris roimhe seo, tá aon áitreabh a úsáidtear chun críocha pórúchán ainmhithe faoi réir na rialacha le haghaidh ionad pórúcháin leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo, fiú má tharlaíonn na gníomhaíochtaí pórúcháin i dteaghlaigh, mar is minic a tharlaíonn sé sin i gcás cineálacha éagsúla póraitheoirí tráchtála. Maidir le teaghlaigh ina gcoimeádtar madraí agus cait chun críocha seachas atáirgeadh, ní mheastar gur ionaid phórúcháin iad agus ní gá dóibh Caibidil II den Rialachán seo a chomhlíonadh. | (15) Tá aon áitreabh a úsáidtear chun críocha pórúchán ainmhithe faoi réir na rialacha le haghaidh ionad pórúcháin a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo, fiú má tharlaíonn na gníomhaíochtaí pórúcháin i dteaghlaigh, mar is minic a tharlaíonn sé sin i gcás cineálacha éagsúla póraitheoirí tráchtála. Maidir le teaghlaigh ina gcoimeádtar madraí agus cait chun críocha seachas atáirgeadh, ní mheastar gur ionaid phórúcháin iad agus ní gá dóibh Caibidil II den Rialachán seo a chomhlíonadh. |

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Recital 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ina theannta sin, i margadh an Aontais, soláthraíonn cineálacha éagsúla oibreoirí a dhéanann cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí madraí agus cait. Seachas | (17) Ina theannta sin, i margadh an Aontais, soláthraíonn cineálacha éagsúla oibreoirí a dhéanann cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí madraí agus cait. Seachas |

| | |
|---|---|
| póraitheoirí tráchtála, tá siopaí peataí ann ina gcoimeádtar madraí agus cait, a bheirtear agus a phóraítear go hiondúil i mbunaíochtaí eile, lena ndíol. D'fhéadfadh cosaint na n ainmhithe sin a bheith fo-optamach, agus níl aon chomhchaighdeáin leasa ann nach mór a urramú sna bunaíochtaí sin. Ós rud é gur oibreoirí tráchtála iad siopaí peataí a chuireann madraí agus cait ar an margadh, is gá, dá bhrí sin, ceanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir leis na bunaíochtaí sin. | póraitheoirí tráchtála, tá siopaí peataí ann ina gcoimeádtar madraí agus cait, a bheirtear agus a phóraítear go hiondúil i mbunaíochtaí eile, lena ndíol. D'fhéadfadh cosaint na n ainmhithe sin a bheith fo-optamach, agus níl aon chomhchaighdeáin leasa ann nach mór a urramú sna bunaíochtaí sin. ***Ar an gcúis sin, ba cheart toirmeasc a chur*** leis an Rialachán seo ***ar mhadraí agus cait a dhíol i siopaí peataí. D'fheabhsódh beart den sórt sin go suaithinseach leas ainmhithe agus sláinte agus sábháilteacht an duine, mar shampla trí chosc a chur ar ainmhithe óga a scaradh óna máithreacha roimh am, is féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar a bhforbairt fhisiciúil agus shíceolaíoch, a fhéadfaidh a bheith ina chúis le fadhbanna iompraíochta agus ionsaí i leith an úinéara san aosacht.*** |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Recital 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) In ainneoin na ndifríochtaí idir na gníomhaíochtaí a dhéanann póraitheoirí tráchtála agus siopaí peataí, ar thaobh amháin, agus ionaid dídine ainmhithe, ar an taobh eile, soláthraíonn siad go léir madraí agus cait ar mhargadh an Aontais agus tá méid áirithe forluí ann, go háirithe ar leibhéal an éilimh. Agus madra nó cat á lorg acu, déanann tomhaltóirí roghanna idir ainmhí a cheannach ó phóraitheoir (go díreach nó trí shiopa peataí nó trí idirghabhálaí), nó ainmhí a ghlacadh ó ionad dídine ainmhithe. Tá fáil ar mhadraí nó ar chait go díreach ó úinéirí peataí imeallach. Fachtóir tábhachtach amháin i rogha madra nó cait is ea na fadhbanna iompraíochta nó eile a d'fhéadfadh a bheith | (19) In ainneoin na ndifríochtaí idir na gníomhaíochtaí a dhéanann póraitheoirí tráchtála agus ***ionaid díola***, ar thaobh amháin, agus ionaid dídine ainmhithe, ar an taobh eile, soláthraíonn siad go léir madraí agus cait ar mhargadh an Aontais agus tá méid áirithe forluí ann, go háirithe ar leibhéal an éilimh. Agus madra nó cat á lorg acu, déanann tomhaltóirí roghanna idir ainmhí a cheannach ó phóraitheoir (go díreach nó trí ***ionaid díola*** nó trí idirghabhálaí), nó ainmhí a ghlacadh ó ionad dídine ainmhithe. Tá fáil ar mhadraí nó ar chait go díreach ó úinéirí peataí imeallach. Fachtóir tábhachtach amháin i rogha madra nó cait is ea na fadhbanna iompraíochta nó eile a d'fhéadfadh a bheith |

| | |
|---|---|
| ag an ainmhí toisc gur coinníodh é i ndrochdhálaí leasa agus a d'fhéadfadh a n oiriúnacht a laghdú lena choimeád mar pheata, is cuma ar coinníodh an t ainmhí in ionad pórúcháin tráchtála, i siopa peataí nó in ionad dídine ainmhithe. Thairis sin, ós rud é go ndéanann idirghabhálaithe trádáil freisin agus ar líne den chuid is mó, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí ar an eolas sula bhfaigheann siad madra nó cat faoi cibé acu ó ionad dídine ainmhithe, ó phóraitheoir nó ó shiopa peataí an t ainmhí. Tá fianaise ann go bhfuil líon na n ainmhithe a sholáthraíonn ionaid dídine ainmhithe do mhargadh an Aontais suntasach, go háirithe i dtaca le cait. Tá fianaise ann freisin go soláthraítear ainmhithe ó ionaid dídine ainmhithe i roinnt Ballstát d'úinéirí ionchasacha peataí i mBallstáit eile, go háirithe madraí. Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóir an Rialacháin seo chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh i madraí agus i gcait a áirithiú, agus chun forbairt réasúnach na hearnála a áirithiú agus ardleibhéal leasa ainmhithe á áirithiú ag an am céanna, is gá cuid de cheanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir le hionaid dídine ainmhithe a choimeádann íoslíon áirithe ainmhithe, is cuma cé acu a dhíolann siad ainmhithe in aghaidh íocaíochta nó a sholáthraíonn siad ainmhithe saor in aisce amháin nó ar aisíocaíocht costas réasúnach. Mar sin féin, ar chúiseanna comhréireachta agus ós rud é go bhfuil difríocht idir gníomhaíochtaí ionad dídine ainmhithe agus gníomhaíochtaí na n oibreoirí eile sin agus go bhféadfaidh siad feidhm leasa phoiblí a chomhlíonadh, níor cheart go mbeadh feidhm ach ag cuid de cheanglais an Rialacháin seo maidir le ionaid dídine ainmhithe, go háirithe maidir le líon agus inniúlacht cúramóirí ainmhithe, tithíocht, beatha agus uisce a thabhairt d'ainmhithe, riachtanais iompraíochta agus cleachtais phianmhara, agus cuairteanna comhairleacha ó thréidlia. | ag an ainmhí toisc gur coinníodh é i ndrochdhálaí leasa agus a d'fhéadfadh a n-oiriúnacht a laghdú lena choimeád mar pheata, is cuma ar coinníodh an t-ainmhí in ionad pórúcháin tráchtála, in ***ionaid díola*** nó in ionad dídine ainmhithe. Thairis sin, ós rud é go ndéanann idirghabhálaithe trádáil freisin agus ar líne den chuid is mó, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí ar an eolas sula bhfaigheann siad madra nó cat faoi cibé acu ó ionad dídine ainmhithe, ó phóraitheoir nó ó ***ionaid díola*** an t-ainmhí. Tá fianaise ann go bhfuil líon na n ainmhithe a sholáthraíonn ionaid dídine do mhargadh an Aontais suntasach, go háirithe i dtaca le cait. Tá fianaise ann freisin go soláthraítear ainmhithe ó ionaid dídine ainmhithe i roinnt Ballstát d'úinéirí ionchasacha peataí i mBallstáit eile, go háirithe madraí. Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóir an Rialacháin seo chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh i madraí agus i gcait a áirithiú, agus chun forbairt réasúnach na hearnála a áirithiú agus ardleibhéal leasa ainmhithe á áirithiú ag an am céanna, is gá cuid de cheanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir le hionaid dídine ainmhithe a choimeádann íoslíon áirithe ainmhithe, is cuma cé acu a dhíolann siad ainmhithe in aghaidh íocaíochta nó a sholáthraíonn siad ainmhithe saor in aisce amháin nó ar aisíocaíocht costas réasúnach. Mar sin féin, ar chúiseanna comhréireachta agus ós rud é go bhfuil difríocht idir gníomhaíochtaí ionad dídine ainmhithe agus gníomhaíochtaí na n-oibreoirí eile sin agus go bhféadfaidh siad feidhm leasa phoiblí a chomhlíonadh, níor cheart go mbeadh feidhm ach ag cuid de cheanglais an Rialacháin seo maidir le ionaid dídine, go háirithe maidir le líon agus inniúlacht cúramóirí ainmhithe, tithíocht, beatha agus uisce a thabhairt d'ainmhithe, riachtanais iompraíochta agus cleachtais phianmhara, agus cuairteanna comhairleacha ó thréidlia. |

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Chun an rólíon a chosc agus chun dálaí níos sábháilte agus níos sláintiúla a chruthú do mhadraí agus do chait, ba cheart do na húdaráis inniúla cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'ionaid dídine agus d'árais altrama nuair a neodraítear nó a choilltear madraí agus cait.*** |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leas madraí agus cat a phóraítear nó a choimeádtar i mbunaíochtaí nó a chuirtear ar mhargadh an Aontais; | (a) leas madraí agus cat a phóraítear nó a choimeádtar i mbunaíochtaí nó ***a láimhseáiltear nó*** a chuirtear ar mhargadh an Aontais; |

Or. en

*Réasúnú*

*Is gá an raon feidhme a shonrú go soiléir chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin a áirithiú, lena n-áirítear na forálacha maidir le hinrianaitheacht agus na himpleachtaí féideartha do shláinte an duine agus don chomhshaol.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a sholáthraítear san Aontas. | (b) inrianaitheacht madraí agus cat a phóraítear nó a choimeádtar ***san Aontas nó*** a chuirtear ar mhargadh an Aontais. |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun leas ainmhithe a fheabhsú agus inrianaitheacht iomlán a áirithiú, ba cheart go gcumhdófaí leis na forálacha gach madra agus cat, ní hamháin ainmhithe a chuirtear ar an margadh. Tuarfar idirthréimhsí leordhóthanacha agus rialacha simplithe d'úinéirí príobháideacha. Baintear an téarma "soláthair" ar fud an téacs, tar éis moladh ón gComhairle.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cat, chomh maith lena soláthar san Aontas. | 1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cat. |

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. ciallaíonn 'pórú' gníomhaíocht madraí nó cait a choinneáil lena n-atáirgeadh;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Ní mheastar gur póraitheoirí iad úinéirí peataí má tharlaíonn atáirgeadh de thaisme.*

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ciallaíonn 'coimeád' aon ghníomhaíocht a ndéantar ainmhí a choinneáil nó a láimhseáil i mbunaíocht lena linn; | 4. ciallaíonn 'coimeád' aon ghníomhaíocht a ndéantar ainmhí a choinneáil, a láimhseáil***, a choimeád, a atithiú nó aire a thabhairt dóibh*** i mbunaíocht lena linn ***nó faoi fhreagracht oibreora***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Is gá sainmhínithe soiléire chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin a áirithiú, lena n-áirítear na forálacha maidir le hinrianaitheacht agus na himpleachtaí féideartha do shláinte an duine agus don chomhshaol.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ciallaíonn 'madraí agus cait a chur ar an margadh' madraí agus cait a choimeád chun iad a dhíol, a thairiscint lena ndíol, a dháileadh nó aon bhealach eile chun úinéireacht nó freagracht as an ainmhí a aistriú, is é sin in aghaidh na gcostas a tabhaíodh a bhreithniú nó a aisíoc ar a laghad, lena n áirítear ainmhithe a fhógairt chun na gcríoch thuas; | 5. ciallaíonn 'cur ar an margadh' díol, tairiscint lena ndíol, dáileadh nó aon slí eile chun úinéireacht nó freagracht***, cibé acu mar mhalairt ar íocaíocht nó saor in aisce, chomh maith le*** hainmhithe a fhógairt chun na gcríoch thuas; |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun inrianaitheacht a áirithiú, tá sé tábhachtach ionaid dídine ainmhithe agus bunaíochtaí eile ina dtugtat ainmhithe ar shiúl saor in aisce a áireamh freisin.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***6. ciallaíonn 'soláthar' úinéireacht nó freagracht ar mhadraí nó ar chait a aistriú ar bhealach ar bith, nó bíodh sin ar chomaoin nó ná bíodh, gan soláthairtí ócáideacha ag daoine nádúrtha ar mhadraí nó ar chait a áireamh ar bhealaí eile seachas trí idirghabháil a dhéanamh ar ardán ar líne;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 11. ciallaíonn 'bunaíochtaí' ionaid phórúcháin, ionaid dídine ainmhithe agus siopaí peataí; | 11. ciallaíonn 'bunaíochtaí' ionaid phórúcháin, ***ionaid díola***, ionaid dídine ainmhithe, ***árais altrama agus pónaí***; |

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 12. ciallaíonn 'ionaid phórúcháin' aon | 12. ciallaíonn 'ionaid phórúcháin' aon |

| | |
|---|---|
| áitreabh nó déanmhas, ina gcoimeádtar madraí agus cait chun críocha atáirgthe d'fhonn a sliocht a chur ar an margadh, lena n áirítear teaghlaigh; | áitreabh nó déanmhas, ***teaghlaigh san áireamh,*** ina gcoimeádtar madraí ***nó*** cait chun críocha atáirgthe d'fhonn a sliocht a chur ar an margadh; |

Or. en

*Réasúnú*

*Ba cheart teaghlaigh a phóraíonn ainmhithe d'aon ghnó a áireamh chun inrianaitheacht iomlán a áirithiú agus chun trádáil neamhdhleathach a chosc. Beidh feidhm ag rialacha simplithe maidir le póraitheoirí beaga.*

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. ciallaíonn 'ionaid díola' aon áitreabh nó déanmhais ina gcoimeádtar madraí nó cait lena ndíol nár rugadh ann, chomh maith le haon áitreabh nó déanmhais oibríochta cóimeála ina gcuirtear madraí agus cait le chéile ó níos mó ná bunaíocht amháin;*** |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. ciallaíonn 'ionaid dídine ainmhithe' aon áitreabh nó déanmhas, cé is moite de theaghlaigh, a oibríonn duine nádúrtha nó dlítheanach, i gcás ina gcoimeádtar madraí agus cait nach dteastaíonn, a thréigtear, a chuirtear ar strae go foirmiúil, a théann ar strae de thaisme nó a choigistítear chun críche soláthair, bíodh siad ar luach | 14. ciallaíonn 'ionaid dídine ainmhithe' aon áitreabh nó déanmhas, ***lena n-áirítear*** teaghlaigh i gcás ina gcoimeádtar madraí ***nó*** cait nach dteastaíonn, a thréigtear, a chailltear nó a choigistítear chun ***iad a chur ar an margadh***; |

saothair nó gan chostas;

Or. en

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. ciallaíonn 'áras altrama' teaghlach a choimeádann madraí nó cait thar ceann oibreora atá freagrach as madraí nó cait nach bhfuil ag teastáil, atá tréigthe, ar seachrán, caillte nó coigistithe;*** |

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, cé is moite díobh siúd atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe, a phóraíonn, a choimeádann, a thrádálann nó a chuireann madraí agus cait ar an margadh atá faoina rialú, lena n áirítear ar feadh tréimhse teoranta ama; | 15. ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ***chuireann ainmhithe ar an margadh agus atá freagrach as ionad pórúcháin nó ionad dídine agus as madraí agus cait a choimeádtar ann, nó atá freagrach as madraí nó cait nach bhfuil ag teastáil, atá tréigthe, ar seachrán, caillte nó coigistithe agus a chuireann in árais altrama iad***; |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 19. ciallaíonn 'ciorrú' idirghabháil, lena n áirítear idirghabháil mháinliachta, a dhéantar ar chúiseanna seachas chun críocha teiripeacha nó diagnóiseacha, a mbíonn díobháil dá bharr ann déanta do chuid íogair den chorp nó caillteanas chuid íogair den chorp nó athrú ar struchtúr na gcnámh; | 19. ciallaíonn 'ciorrú' idirghabháil, lena n áirítear idirghabháil mháinliachta***, seachas neodrú nó ionchlannú trasfhreagróra***, a dhéantar ar chúiseanna seachas chun críocha teiripeacha nó diagnóiseacha, a ndéantar díobháil dá bharr do chuid íogair den chorp nó caillteanas chuid íogair den chorp nó athrú ar struchtúr na gcnámh; |

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 21. ciallaíonn 'tithíocht' foirgnimh nó spás lasmuigh teorannaithe i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar madraí agus cait; | 21. ciallaíonn 'tithíocht' foirgnimh nó spás lasmuigh teorannaithe i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar madraí ***nó*** cait***, cibé acu go sealadach nó go buan***; |

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 24. ciallaíonn 'cúramóir ainmhithe' duine a thugann aire do na madraí agus do na cait a phóraítear nó a choimeádtar i mbunaíocht; | 24. ciallaíonn 'cúramóir ainmhithe' duine a thugann aire do na madraí agus do na cait a phóraítear nó a choimeádtar***, lena n-áirítear saorálaithe agus intéirnigh***; |

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 27. ciallaíonn 'coimeádán' aon bhosca dortha, bosca, gabhdán nó struchtúr docht eile a úsáidtear chun madraí agus cait a choinneáil; | 27. ciallaíonn 'coimeádán' aon bhosca dortha***, caighean***, bosca, gabhdán nó struchtúr docht eile a úsáidtear chun madraí ***nó*** cait a choinneáil; |

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***28. ciallaíonn 'peata' madra nó cat a bheartaítear a choinneáil i dteaghlach ar mhaithe le taitneamh agus comhluadar príobháideach;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***28a. ciallaíonn 'póna' saoráid ina dtugtar suas ainmhithe arna dtabhairt suas ag oifigigh rialaithe ainmhithe nó ag gabhálaithe madraí nó cat ar conradh mar chuid de ghníomhaíochtaí bainistithe rialaithe ainmhithe agus inar féidir ionaid dídine a bheith san áireamh;*** |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ***ionaid phórúcháin a choimeádann suas le trí mhadra bhaineanna nó trí chat bhaineanna agus a tháirgeann dhá ál nó níos lú san iomlán in aghaidh na bunaíochta agus in aghaidh na bliana féilire;*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun leas ainmhithe agus inrianaitheacht iomlán a áirithiú, ba cheart gach póraitheoir a áireamh gan díolúine. Tá na forálacha sin ag formhór mór Ballstát cheana féin. Beidh feidhm ag rialacha simplithe do phóraitheoirí beaga.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ***siopaí peataí a choimeádann ag aon am ar leith trí mhadra nó níos lú nó sé chat nó níos lú;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ionaid dídine ainmhithe a choimeádann ag aon am ar leith deich | – ionaid dídine nó ***árais áltrama*** a choimeádann ag aon am ar leith ***cúig*** |

| | |
|---|---|
| madra nó níos lú nó fiche cat nó níos lú. | ***mhadra déag*** nó níos lú nó fiche cat nó níos lú. |

Or. en

*Réasúnú*

*Is é is aidhm don leasú an t-ualach ar ionaid dídine bheaga agus ar árais altrama a laghdú.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le madraí agus cait a phóraítear nó a choimeádtar ina mbunaíocht: | Cuirfidh oibreoirí agus ***feighlithe ainmhithe*** na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le madraí agus cait a phóraítear nó a choimeádtar ina mbunaíocht: |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5, mír 1, pointe(c)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) coimeádtar madraí agus cait sábháilte, glan agus i ndea-shláinte trí ghalair, lagú feidhmiúil, gortuithe agus pian a chosc, go háirithe mar gheall ar bhainistíocht, cleachtais láimhseála, nó ciorruithe. | (c) coimeádtar madraí agus cait sábháilte, glan agus i ndea-shláinte trí ghalair, lagú feidhmiúil, gortuithe agus pian a chosc, go háirithe mar gheall ar bhainistíocht, cleachtais láimhseála, ***cleachtais phórúcháin,*** nó ciorruithe. |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní thabharfaidh oibreoirí agus feighlithe ainmhithe drochíde do mhadraí ná do chait ná ní thréigfidh siad iad.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is féidir baoil chomhshaoil agus baoil sláinte a bheith ag an ródhaonra.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibleagáid fógra a thabhairt maidir le pórú nó coimeád madraí agus cat i mbunaíochtaí | Oibleagáid ***maidir le fógra agus clárú*** phórú nó choimeád na madraí agus na gcat i mbunaíochtaí |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá clárú iomlán fíorthábhachtach.*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe fógra do na húdaráis inniúla faoina ngníomhaíocht, agus | Tabharfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine fógra do na húdaráis inniúla faoina ngníomhaíocht, agus soláthróidh siad an |

| | |
|---|---|
| soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas: | fhaisnéis seo a leanas ***ar a laghad***: |

Or. en

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) céannacht, ainm agus seoladh an oibreora; | (a) céannacht, ainm agus seoladh an oibreora ***nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an ionaid dídine;*** |

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cineál na bunaíochta: ionad pórúcháin, siopa peataí nó ionad dídine ainmhithe; | (c) cineál na bunaíochta: ionad pórúcháin, ***ionad díola*** nó ionad dídine; |

Or. en

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) i gcás ionaid phórúcháin, an líon measta álta atá le cur ar an margadh in aghaidh na bliana.*** |

Or. en

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) sonraí teagmhála an duine nádúrtha a bhfuil na madraí nó na cait á gcoimeád faoina rialú agus sonraí clárúcháin an ionaid dídine nó an árais altrama.*** |

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cothabhálfaidh an t-údarás inniúil clár bunaíochtaí agus féadfaidh sé an clár dá bhforáiltear in Airteagal 101(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/429 a úsáid chun na críche sin;*** |

Or. en

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuairteanna ar leas ainmhithe | Cuairteanna ***sláinte agus*** leas ainmhithe |

Or. en

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a áirithiú go ndéanfar cuairt ó thréidlia ar na bunaíochtaí atá faoina bhfreagracht uair sa bhliain ar a laghad, chun comhairle a chur ar an oibreoir nó ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an ionad dídine ainmhithe maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar aon fhachtóir riosca do leas ainmhithe; | (a) a áirithiú ***faoi... [bliain amháin ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó laistigh den chéad bhliain ón dáta a thabharfar fógra maidir le bunaíocht nua,*** go bhfaighidh na bunaíochtaí atá faoina gcúram, uair sa bhliain ar a laghad, cuairt ***gan fógra*** ó thréidlia oifigiúil***, arna fhostú ag an údarás inniúil***, chun aon ***bhaol do leas na madraí agus na gcat a shainaithint agus a mheasúnú*** agus chun comhairle a chur ar an oibreoir nó ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an ionad dídine maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar ***na baoil sin*** do leas ainmhithe; |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá rialú tréidliachta tábhachtach chun baoil fhéideartha don tsláinte phoiblí a bhaineann le drochdhálaí leasa sna bunaíochtaí a eisiamh chomh maith.*

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) i gcás ina gcoimeádtar ainmhithe in ionaid phórúcháin nó i siopaí peataí, go gcoimeádtar aerchúrsaíocht, leibhéil deannaigh, teocht, bogthaise aeir choibhneasta agus tiúchan gáis laistigh de theorainneacha nach bhfuil díobhálach do mhadraí agus cait agus gur leor an t aerú sin chun róthéamh a sheachaint agus, i gcás inar gá, in éineacht le córais téimh, chun taise iomarcach a bhaint; | (c) i gcás ina gcoimeádtar ainmhithe in ionaid phórúcháin nó in ***ionaid díola***, go gcoimeádtar aerchúrsaíocht, leibhéil deannaigh, teocht, bogthaise aeir choibhneasta agus tiúchan gáis laistigh de theorainneacha nach bhfuil díobhálach do mhadraí agus cait agus gur leor an t aerú sin chun róthéamh a sheachaint agus, i gcás inar gá, in éineacht le córais téimh, chun taise iomarcach a bhaint; |

Or. en

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfar coimeádáin a úsáid ach amháin chun madraí agus cait aonair a iompar agus a aonrú go sealadach ar choinníoll go seachnaítear strus mar gheall ar theochtaí foircneacha. | Ní fhéadfar coimeádáin a úsáid ach amháin chun madraí agus cait aonair a iompar agus a aonrú go ***gearrthéarmach,*** sealadach ***chun críoch liachta*** ar choinníoll go seachnaítear strus ***lena n-áirítear strus mar gheall ar theocht fhoircneach, agus go bhfuil na madraí agus na cait ábalta seasamh agus luí síos i suíomh nádúrtha***. |

Or. en

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh toirmeasc ar mhadraí nó cait a choimeád i siopaí peataí.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá cosc cheana féin ar mhadraí agus cait a dhíol i siopaí peataí in 12 Bhallstát, toisc gur féidir leis, in imthosca neamhfhabhracha, dochar mór a dhéanamh do leas ainmhithe, mar shampla nuair a scartar ainmhí óna mháthair agus é an-óg, agus gur féidir leis a bheith ina chúis le neamhoird iompraíochta amhail ionsaí ar an úinéir in aosacht agus impleachtaí féideartha do shláinte an duine.*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá bearta lena n áirítear cógais tréidliachta i bhfeidhm chun seadáin sheachtracha agus inmheánacha a chosc agus a rialú, lena n áirítear cóireálacha coisctheacha tréidliachta chun cosc a chur ar ghalair choiteanna ar dócha go nochtfar madraí nó cait dóibh agus aird chuí á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch; | (d) tá bearta lena n-áirítear cógais tréidliachta i bhfeidhm chun seadáin sheachtracha agus inmheánacha a chosc agus a rialú, lena n-áirítear cóireálacha ***agus vacsaíní*** coisctheacha tréidliachta chun galair choiteanna a chosc ar dócha go nochtfar madraí nó cait dóibh agus aird chuí á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch; |

Or. en

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) déanfaidh feighlithe ainmhithe in ionaid dídine gach beart is gá chun atáirgeadh an mhadra nó an chait a choimeádtar ann a chosc;*** |

Or. en

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) mura léiríonn tréidlia a mhalairt, ní scaoiltear saor aon mhadra ná cat ó ionad dídine gan a bheith neodraithe.*** |

Or. en

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Formheas ionad pórúcháin | Formheas ionad pórúcháin ***agus díola*** |

Or. en

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Amhail ó [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gheobhaidh oibreoirí formheas ar a n ionad pórúcháin ón údarás inniúil sula ndíolfaidh siad madraí agus cait a rugadh ina n ionad pórúcháin. | 1. Amhail ó [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gheobhaidh oibreoirí ***ionad pórúcháin a tháirgeann nó a bheartaíonn níos mó ná trí ál a tháirgeadh sa bhliain féilire, nó a choimeádann níos mó ná trí bhitseach nó cráin aon tráth áirithe, agus oibreoirí ionad díola*** formheas ar a n-ionad pórúcháin ón údarás inniúil sula gcuirfidh siad madraí agus cait a rugadh ina mbunaíocht ar an margadh. |

Or. en

*Réasúnú*

*Rachaidh rialacha simplithe chun sochair do phóraitheoirí beaga.*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Deonóidh an t údarás inniúil deimhniú formheasa d'ionad pórúcháin, ar choinníoll, roimh chigireacht ar an láthair, | 2. ***Déanfaidh an t-údarás inniúil iniúchadh ar an láthair chun a fhíorú go gcomhlíonann an bhunaíocht ceanglais*** |

| | |
|---|---|
| go bhfuil sé deimhnithe go gcomhlíonann an t ionad pórúcháin ceanglais an Rialacháin seo. | ***an Rialacháin seo. Féadfaidh na Ballstáit a lamháil go ndéanfar cibé iniúchtaí go cianda ar choinníoll go dtugann na modhanna cumarsáide a úsáidtear fianaise leordhóthanach don údarás inniúil chun iniúchadh iontaofa a dhéanamh.*** Deonóidh an t-údarás inniúil deimhniú formheasa d'ionad pórúcháin, ar choinníoll, roimh iniúchadh, go bhfuil sé deimhnithe go gcomhlíonann an t-ionad pórúcháin ceanglais an Rialacháin seo. |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá iniúchtaí tábhachtach chun baoil fhéideartha don tsláinte phoiblí a bhaineann le drochdhálaí leasa sa bhunaíocht a eisiamh chomh maith.*

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ó [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], déanfar gach madra agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí lena soláthar san Aontas, lena n áirítear madraí agus cait fhásta a choimeádtar in ionaid phórúcháin, madraí agus cait a choimeádtar in ionad dídine ainmhithe, agus madraí agus cait a sholáthraíonn daoine nádúrtha, a mharcáil lena sainaithint trí thrasfhreagróir fo-chraicneach ina bhfuil micrishlis, i gcomhréir le hIarscríbhinn II. ***Áiritheoidh oibreoirí bunaíochtaí go ndéanfar madraí agus cait a rugadh ina mbunaíochtaí a mharcáil lena sainaithint faoi dháta a soláthair san Aontas nó ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí tar éis bhreith an ainmhí. Is tréidlia nó faoi fhreagracht tréidlia a dhéanfaidh ionphlandú an trasfhreagróra.*** | 1. Déanfar gach madra agus cat a choimeádtar, i mbunaíochtaí ***chomh maith***, ***agus gach*** madra agus cat ***a chuirtear ar an margadh a shainaithint go haonarach*** trí thrasfhreagróir ***in-insteallta*** ina bhfuil micrishlis, ***a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in*** Iarscríbhinn II. |

Or. en

*Réasúnú*

*Chun inrianaitheacht iomlán a áirithiú, tá sé fíorthábhachtach gach madra agus cat a shainaithint agus a chlárú. I ndáil le madraí, samhlaítear idirthréimhse 4 bliana. I ndáil le cait, samhlaítear idirthréimhse 10 mbliana. Tá sainaithint agus clárú iomlán madraí i bhfeidhm cheana féin ag 24 Bhallstát, leathnaíonn roinnt Ballstát é sin chun cat chomh maith.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh oibreoirí ionad díola, oibreoirí ionad dídine agus oibreoirí atá freagrach as madraí nó cait nach bhfuil ag teastáil, a tréigeadh, atá ar seachrán, a cailleadh nó a coigistíodh, go ndéanfar madraí agus cait a théann isteach ina mbunaíochtaí nó a thagann faoina bhfreagracht a shainaithint go leithleach laistigh de 30 lá ón dáta a dtagann siad isteach sa bhunaíocht agus, in aon chás, roimh an dáta a gcuirtear ar an margadh iad;*** |

Or. en

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ó [3 bliana ón dáta theacht i bhfeidhm], déanfaidh an tréidlia, nó cúntóir faoi fhreagracht an tréidlia, madraí agus cait a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1 a chlárú i mbunachar sonraí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19. I gcás madraí agus cait a choimeádtar in ionaid phórúcháin, déanfar an clárú in ainm úinéir an ionaid phórúcháin atá freagrach as an madra nó as an gcat. I gcás madraí agus | 2. Ó [3 bliana ón dáta theacht i bhfeidhm], déanfaidh tréidlia, ***laistigh de dhá lá oibre óna sainaithint,*** madraí agus cait a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1 a chlárú i mbunachar sonraí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19. I gcás madraí ***nó*** cait a choimeádtar in ionaid phórúcháin, déanfar an clárú in ainm ***oibreoir*** an ionaid phórúcháin atá freagrach as an madra nó as an gcat. I gcás madraí ***nó*** agus cait a |

| | |
|---|---|
| cait a choimeádtar in ionad dídine, déanfar an clárú in ainm an duine atá freagrach as an ionad dídine. I gcás daoine nádúrtha a bhfuil sé ar intinn acu madra nó cat a sholáthar san Aontas, déanfar an clárú in ainm an duine sin. Áiritheoidh aon úinéir ina dhiaidh sin nó aon duine atá freagrach as an madra nó as an gcat go ndéanfar an t athrú úinéireachta nó freagrachta a thaifeadadh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19. | choimeádtar in ionad dídine, déanfar an clárú in ainm an duine atá freagrach as an ionad dídine. I gcás daoine nádúrtha***, déanfar an clárú in ainm an duine sin***. I gcás aon mhadraí nó cait eile san Aontas, déanfar an clárú in ainm ***an údaráis inniúil atá freagrach***. ***I gcás ina n-aistreofar úinéireacht nó freagracht, áiritheoidh*** an duine ***nádúrtha nó dlítheanach a chuirfidh an madra nó an cat ar an margadh agus*** aon úinéir eile ar an madra nó ar an gcat, nó atá freagrach as an madra nó as an gcat dá éis sin, go ndéanfar an t-athrú úinéireachta nó freagrachta a thaifeadadh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19 ***laistigh de choicís ón dáta a athrófar an úinéireacht nó an fhreagracht, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagfaidh an Ballstát atá freagrach as an mbunachar sonraí sin síos***. |

Or. en

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina n-éagfaidh madra nó cat atá á choimeád i mbunaíocht, áiritheoidh an t-oibreoir go dtaifeadfar an bás sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagann an Ballstát síos atá freagrach as an mbunachar sonraí sin;*** |

Or. en

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Amhail ó [3 bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm], sula soláthróidh sé madra nó cat san Aontas, soláthróidh an soláthróir an méid seo a leanas d'fhaighteoir an ainmhí: | Amhail ó [3 bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm], sula gcuirfidh sé madra nó cat ar an margadh san Aontas, soláthróidh an ***duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann an madra nó an cat ar an margadh*** d'fhaighteoir an ainmhí: |

Or. en

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú an ainmhí i gcomhréir le mír 1 agus mír 2; | (a) cruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú an ainmhí ***don duine nádúrtha nó dlítheanach*** i gcomhréir le mír 1 agus mír 2***, agus an nasc gréasáin chun an chórais dá dtagraítear i mír 6***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Le ceanglais chlárúcháin níos déine, lamháiltear go bhfuil baint ag ainmhithe le duine nádúrtha nó dlítheanach chun dul i ngleic go héifeachtach le trádáil neamhdhleathach peataí.*

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh faighteoirí in ann barántúlacht shainaithint agus chlárú na n ainmhithe a sholáthraítear tríd an gcóras dá dtagraítear i | Beidh faighteoirí in ann barántúlacht shainaithint agus chlárú na n-ainmhithe a ***fhioraítear*** tríd an gcóras dá dtagraítear i |

| | |
|---|---|
| mír 7 a fhíorú. | mír 7 a fhíorú. |

Or. en

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ó [5 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne go mbeidh a gcomhéadan ar líne saincheaptha agus eagraithe ar bhealach a cheadaíonn do sholáthraithe madraí agus cat a n oibleagáidí faoi mhír 3 a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus cuirfidh siad faighteoirí ar an eolas, ar bhealach infheicthe, faoin bhféidearthacht sainaithint agus clárú an ainmhí a fhíorú trí nasc gréasáin chuig an gcóras dá dtagraítear i mír 6. | Ó [5 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne go mbeidh a gcomhéadan ar líne saincheaptha agus eagraithe ar shlí a lamhálann do ***dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a chuireann*** madraí agus cait ***ar an margadh*** a n-oibleagáidí faoi mhír 3 ***den Airteagal seo*** a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus cuirfidh siad faighteoirí ar an eolas, ar shlí infheicthe, faoi shainaithint agus clárú an ainmhí a ***fhíoraítear leis an gcóras*** trí nasc gréasáin chun an chórais dá dtagraítear i mír 6 ***den Airteagal seo***. |

Or. en

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ó [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh córas a dhéanann seiceálacha uathoibrithe ar bharántúlacht shainaithint agus chlárú madraí nó cat a sholáthraítear, agus úsáid á baint as an mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19, ar fáil go poiblí saor in aisce. Féadfaidh an Coimisiún forbairt, cothabháil agus oibriú | 6. Ó [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh córas ***ar líne*** a dhéanann seiceálacha uathoibrithe ar bharántúlacht shainaithint agus chlárú madraí nó cat ***a chuirtear ar an margadh***, agus úsáid á baint as an mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19, ar fáil go poiblí saor in aisce. Féadfaidh an Coimisiún forbairt, |

| | |
|---|---|
| an chórais sin a chur ar iontaoibh eintitis neamhspleách. Comhlíonfaidh an córas na critéir seo a leanas: | cothabháil agus oibriú an chórais sin a chur de chúram ar eintiteas neamhspleách***, tar éis próiseas roghnúcháin poiblí, de bhun fhorálacha ábhartha Theideal VII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046***. Comhlíonfaidh an córas na critéir seo a leanas: |

Or. en

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 7 – fomhír 1 – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– bunaithe ar inneachar na mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19(3), pointe a, an fhaisnéis bheacht atá le cur ar fáil ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuireann madraí nó cait ar an margadh, mar chruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú na madraí nó na gcat i gcomhréir le pointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo, i gcásanna ina dtairgtear na madraí agus na cait trí ardáin ar líne nó trí mhodhanna eile araon;*** |

Or. en

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ina ndeimhnítear na feighlithe ainmhithe a bhfuil na cúrsaí oiliúna dá dtagraítear i bpointe (a) curtha i gcrích go rathúil acu;*** |

Or. en

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh na húdaráis inniúla an cúram dá dtagraítear i bpointe (ba) a tharmligean;*** |

Or. en

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí innéacs a bhunú agus a chothabháil ina mbeidh uimhreacha aitheantais micrishliseanna na madraí nó na gcat agus na bunachair sonraí náisiúnta ina stóráiltear na mionsonraí aitheantais, gan rochtain a fháil ar shonraí pearsanta. Féadfaidh an Coimisiún forbairt, cothabháil agus oibriú an bhunachair sonraí innéacs sin a chur de chúram ar eintiteas neamhspleách, tar éis próiseas roghnúcháin poiblí, de bhun fhorálacha ábhartha Theideal VII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.*** |

Or. en

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a n-idir-inoibritheacht idir na Ballstáit; | (b) an idir-inoibritheacht idir ***bunachair sonraí na mBallstát agus an bunachar sonraí innéacs***; |

Or. en

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an t-idirnasc idir bunachair sonraí na mBallstát dá dtagraítear i mír 1 agus an Córas Bainistíochta Faisnéise le haghaidh Rialuithe Oifigiúla (CBFRO), i gcás inarb ábhartha.*** |

Or. en

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Amhail [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhéadfar madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas lena gcur ar mhargadh an Aontais ach amháin más rud é gur coinníodh i gcomhréir le haon cheann de na nithe seo a leanas iad: | 1. Amhail [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhéadfar madraí ***nó*** cait a thabhairt isteach san Aontas lena gcur ar mhargadh an Aontais ach amháin ***má póraíodh agus*** má coinníodh i gcomhréir le haon cheann de na nithe seo a leanas iad: |

Or. en

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Gan dochar d'Airteagal 10(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 agus d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2020/692[11] **,** déanfar madraí agus cait a thagann isteach san Aontas a shainaithint le micrishlis amhail dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus lena gceadaítear inrianaitheacht. | Déanfaidh tréidlia madraí agus cait a thagann isteach san Aontas a shainaithint ***sula dtiocfaidh siad isteach le micrishlis i gcomhréir le hIarscríbhinn II agus clárófar iad i mbunachar sonraí dá dtír thionscnaimh***. ***De rogha air sin, féadfar madraí agus cait a chlárú ag na teorainneacha i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát sula dtiocfaidh siad isteach san Aontas. Féadfaidh Ballstát lamháil do dhaoine eile seachas tréidlianna clárú, ar choinníoll go bhfuil bearta i bhfeidhm aige chun cruinneas na faisnéise a chuirtear isteach sa bhunachar sonraí a áirithiú.*** |
| ___________________ | ___________________ |
| ***[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach, IO L 174, 3.6.2020, lch. 379.*** | |

Or. en

*Réasúnú*

*Is é is aidhm don leasú forálacha a shimpliú agus maorlathas a sheachaint in ionad bunachar sonraí eile de chuid an Aontais a chruthú (i gcás gluaiseacht neamhthráchtála peataí). Ní gá iarracht shuaithinseach bhreise theicniúil ná oideachasúil a dhéanamh chun clárú ag an teorainn, ó tá teacht isteach ainmhithe san Aontas á bhainistiú cheana féin ag poist atá feistithe go speisialta ag na teorainneacha seachtracha.*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit aon rialacha náisiúnta níos doichte a choimeád atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a thabhairt do leas madraí agus cat agus atá i bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll nach bhfuil na rialacha sin ar neamhréir leis an Rialachán seo agus nach gcuireann siad isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Roimh [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na rialacha náisiúnta sin. Tarraingeoidh an Coimisiún aird na mBallstát eile orthu. | 1. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit aon rialacha náisiúnta níos doichte a chothabháil ***nó a ghlacadh*** atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a thabhairt do leas madraí agus cat ***agus a n-inrianaitheacht*** agus atá i bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll nach bhfuil na rialacha sin ar neamhréir leis an Rialachán seo agus nach gcuireann siad isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Roimh [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na rialacha náisiúnta sin. Tarraingeoidh an Coimisiún aird na mBallstát eile orthu. |

Or. en

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit bearta náisiúnta níos doichte a ghlacadh atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a áirithiú do leas madraí agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí laistigh de chríoch Bhallstáit maidir leis na saincheisteanna leasa ainmhithe seo a leanas: | Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit bearta náisiúnta níos doichte a ghlacadh atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a áirithiú do leas madraí ***nó*** cat laistigh de chríoch Bhallstáit. |
| ***(a) dálaí tithíochta;*** | |
| ***(b) ciorruithe;*** | |
| ***(c) saibhriú;*** | |
| ***(d) cláir roghnúcháin agus*** | |

***phórúcháin, lena n áirítear aois íosta agus uasta le haghaidh pórúcháin.***

Or. en

*Réasúnú*

*De réir chur chuige Aon Sláinte Amháin an Aontais, tá dlúthnasc idir sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus tá siad idirspleách ar a chéile.*

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar bhonn na dtuarascálacha a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 20 agus faisnéis ábhartha bhreise, foilseoidh an Coimisiún, faoi [7 mbliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ina dhiaidh sin gach 5 bliana, tuarascáil faireacháin maidir le leas madraí agus cat a chuirtear ar an margadh san Aontas. | 1. Ar bhonn na dtuarascálacha a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 20 agus faisnéis ábhartha bhreise, foilseoidh an Coimisiún, faoi [***5*** bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ina dhiaidh sin gach ***3*** bliana, tuarascáil faireacháin ar leas madraí agus cat a chuirtear ar an margadh san Aontas. |

Or. en

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoi [15 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, lena n áirítear measúnú ar uasaois fhéideartha chun madraí agus cait a phórú, agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhchinntí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. | 2. Faoi [***7*** mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, lena n-áirítear measúnú ar uasaois fhéideartha chun madraí agus cait a phórú, agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhchinntí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. |

Or. en

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. By ... [cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, bunóidh an Coimisiún liosta de speicis ainmhithe a lamháiltear a choinneáil agus a chur ar an margadh, i gcás inar léirigh measúnú tionchair roimh ré a bhreisluach agus a indéantacht.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá measúnú tionchair den sórt sin, lena dtacaíonn tromlach mór na mBallstát, á dhéanamh cheana féin ag an gCoimisiún agus ba cheart go gcríochnófar é go luath. Trí liosta dearfa a bhunú, bheadh an tAontas ábalta rialáil níos fearr a dhéanamh ar úinéireacht peataí coimhthíocha, traidisiúnta nó neamhthraidisiúnta, lena n-áiritheofaí nach gcoinneofaí ach speicis atá oiriúnach do chúram príobháideach mar chompánaigh. Laghdódh liosta den sórt sin chomh maith rioscaí zónóiseacha don tsláinte phoiblí agus laghdódh sé an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bhíonn ag speicis choimhthíocha ionracha.*

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go léireofar i leibhéal na bpionós airgeadais i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus ar na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1), ina bhfuil calaois nó feall, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta an buntáiste eacnamaíoch don oibreoir ar a laghad nó, i gcás inarb iomchuí, céatadán de*** |

| | |
|---|---|
| | ***láimhdeachas an oibreora.*** |

Or. en

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag Airteagal 9(2), ag Airteagal 17(1) go (3) i ndáil le madraí, agus ag Airteagal 19(1) ón ... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];*** |

Or. en

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm ag Airteagal 17(1) go (3) i ndáil le cait ón ... [10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];*** |

Or. en

## RÉASÚNÚ GEARR

Is é is aidhm do na leasuithe a mhol an rapóirtéir ina tuairim ar Rialachán an Aontais maidir le hinrianaitheacht cat agus madraí ná leas agus cosaint na n-ainmhithe coimhdeachta sin laistigh den Aontas Eorpach agus na n-ainmhithe a allmhairítear ó thríú tíortha a neartú go suaithinseach. Leanann an tuairim cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' an Aontais, ina n-aithnítear go bhfuil sláinte an duine, ainmhithe clóis agus ainmhithe fiáine, plandaí agus an chomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear éiceachórais, nasctha go dlúth agus idirspleách.

Measann an Rapóirtéir go dtugtar aghaidh sna leasuithe ar phríomheasnaimh i ndréacht-Rialachán CE agus gurb é is aidhm leo na córais sainaitheanta agus chlárúcháin a fheabhsú tuilleadh, comhchuibhiú caighdeán ar fud an Aontais a áirithiú ar shlí níos fearr chun dul i ngleic le pórú, trádáil agus coimeád madraí agus cat, chun úinéireacht fhreagrach peataí agus pórú freagrach a chur chun cinn tuilleadh, agus chun trádáil neamhdhleathach na n-ainmhithe sin a chosc go héifeachtach chun sláinte agus sábháilteacht phoiblí a áirithiú chomh maith. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar gach cat agus madra a shainaithint agus a chlárú le nasc soiléir lena bhfoinse chun faireachán a dhéanamh ar an líon agus ar ghníomhaíochtaí trádála. Cuidíonn an trédhearcacht sin leis an údarás trádáil na n-ainmhithe sin a rialú agus leis na saoránach chun tionscnamh a bpeata amach anseo a fhíorú i margadh aonair an Aontais. Ina theannta sin, tá na bearta sin ag teacht le hiarrachtaí chun cosc galar a fheabhsú, sláinte phoiblí a chosaint trí nochtadh do ghalair zónóiseacha a theorannú agus bithéagsúlacht a chosaint trí thraséilliú a chosc.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe:

***Freagrachtaí a leathnú chun na bPóraitheoirí uile***

Ar dtús, measann an Rapóirtéir gur tosaíocht é an raon feidhme a leathnú chun aon duine a phóraíonn madraí agus cait. Cláróidh agus sainaithneoidh na póraitheoirí uile a n-ainmhithe. Áiritheofar leis an oibleagáid gur féidir gach cat agus madra a rianú siar go dtí a thionscnamh, trí fháil réidh le bearnaí sa chuntasacht agus trí chleachtais phórúcháin neamhrialáilte a dhíspreagadh a chuireann leas ainmhithe i mbaol go minic nó a chuireann folláine úinéir ionchasach an pheata i mbaol. Trí phóraitheoirí ar mhionscála a áireamh, cruthaítear cothrom iomaíochta leis an rialachán, áirithítear feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh do mhadraí agus do chait, seachnaítear ualaí riaracháin nach gá agus dúntar slite éalaithe a mbaineann oibreoirí neamhdhleathacha leas astu.

***Córais Chlárúcháin agus Fíorúcháin Fheabhsaithe***

Ar an dara dul síos, leagtar béim sa rialachán ar an ngá atá le córais chlárúcháin láidre agus chaighdeánaithe ina n-áirítear sásraí fíoraithe, go háirithe i gcás díolacháin ar líne. Tá ardáin ar líne tagtha chun bheith ina gcainéil mhóra i gcás trádáil neamhdhleathach cat agus madraí, rud a éascaíonn díol ainmhithe ó fhoinsí neamhfhíoraithe i ndrochdhálaí leasa go minic agus a chuireann sláinte tomhaltóirí i mbaol chomh maith. Cuideoidh an faireachán agus an forfheidhmiú níos déine, mar aon le sainaithint agus fíorú éigeantach díoltóirí, le gníomhaíochtaí calaoiseacha a chosc agus le comhlíonadh chaighdeáin an Aontais agus

comhchuibhiú san Aontas a áirithiú. Chun dul i ngleic leis an trádáil neamhdhleathach, tá sé chomh tábhachtach céanna clárú agus sainaithint madraí agus cat a fheabhsú. Gan riail chlárúcháin chuimsitheach, is féidir le trádálaithe neamhdhleathacha fanacht anaithnid, ina gcoisctear na húdaráis neamhréireachtaí a shainaithint idir stádas na bpóraitheoirí agus líon iarbhír na n-ainmhithe coimhdeachta a bhfuil siad freagrach astu. Le ceanglais chlárúcháin níos déine, is féidir léargas soiléir a fháil ar na hainmhithe a bhaineann le duine aonair, nó chun a fhíorú an mbaineann siad leo siúd a aistríonn thar theorainneacha iad.

***Cosc ar Chait agus Madraí a Dhíol i Siopaí Peataí***

Ar an tríú dul síos, measann an Rapóirtéir go dtoirmiscfidh an rialachán seo cait agus madraí a dhíol i siopaí peataí, agus mar sin go n-áiritheofar go n-urramófar dálaí sláinteachais agus leasa agus nach scarfar ainmhithe óga óna máithreacha roimh am, rud is féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar a bhforbairt fhisiciúil agus shíceolaíoch, a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le fadhbanna iompraíochta agus ionsaí ar an úinéir le linn aosachta. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn an beart seo leas ainmhithe, ach spreagann sé  tobcheannach chomh maith, ina gcuirtear cur chuige níos tuisceanaí agus níos eolasaí chun cinn chun peataí a fháil.

***Meastóireacht ar liosta uile-Aontais d’Ainmhithe Compánach a chur leis***

Ar deireadh, molann an Rapóirtéir gur cheart go gcruthódh an próiseas meastóireachta measúnú ar indéantacht liosta uile-Aontais d’ainmhithe a mheastar a bheith oiriúnach mar pheataí, faoi dhálaí leasa iomchuí, gan dochar a dhéanamh do dhaonraí fiadhúlra sa timpeallacht nádúrtha agus gan cur isteach ar an mbithéagsúlacht. Bheadh an liosta sin bunaithe ar mheastóireacht chríochnúil ar riachtanais leasa speicis-sonracha agus ar na rioscaí a bhaineann lena dtrádáil agus lena n-úinéireacht. Trí liosta den sórt sin a bhunú, is féidir leis an Aontas úinéireacht peataí coimhthíocha, traidisiúnta nó neamhthraidisiúnta a rialáil níos fearr, lena n-áirithítear nach gcoinneofar ach speicis atá oiriúnach do chúram príobháideach mar chompánaigh. Laghdódh liosta den sórt sin chomh maith rioscaí zónóiseacha don tsláinte phoiblí agus laghdódh sé an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bhíonn ag speicis choimhthíocha ionracha.

***Conclúid***

Léiríonn na leasuithe a mhol an Rapóirtéir ina tuarascáil an tiomantas do leas ainmhithe a chur chun cinn, sláinte an duine agus sábháilteacht madraí agus cat a chosaint ar dhúshaothrú, agus aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ag dul i méid i dtaobh trádáil neamhdhleathach. Trí rialacháin níos déine ar phórú, ar chlárú agus ar dhíolacháin a fhorfheidhmiú, ní hamháin go bhfeabhsóidh an tAontas cáilíocht saoil cat agus madraí, ach cosnóidh sé sláinte an phobail agus an comhshaol chomh maith agus leagfaidh sé síos caighdeán domhanda i gcás cóireáil fhreagrach dhaonnachtúil ar ainmhithe.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE A bhFUIL IONCHUR FAIGHTE AG AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM UATHU

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur for opinion declares that she received input from the following entities or persons in the preparation of the draft opinion:

| | Entity and/or person |
|---|---|
| 1 | Four Paws |
| 2 | Eurogroup for Animals |
| 3 | Erna-Graff-Stiftung |
| 4 | Deutscher Tierschutzbund |
| 5 | European Pet Organisations |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur for opinion.

Where natural persons are identified in the list by their name, by their function or by both, the rapporteur for opinion declares that she has submitted to the natural persons concerned the European Parliament's Data Protection Notice No 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), which sets out the conditions applicable to the processing of their personal data and the rights linked to that processing.